

Séamas Ó Cualáin

Is deacair a rá cén áit ar cheart do dhuine tosú ag caint faoi Shéamas Ó Cualáin nó Séamas Mhicilín mar ab fhearr aithne air. Ba duine fíor chumasach a bhí ann ar go leor bealaí. Chuireas féin aithne mhaith air tar éis dó ballraíocht a ghlacadh i gCoiste na gCurachai i ndeireadh na seachtóidí. Ba múinteoir bunscoile, scoláire, scríbhneoir cumasach agus léachtaí breá a bhí ann. Ba é a ghlac freagracht ar Chlár Leabhar 'Aonach Ceoil agus Curachai' ó lár na n'ochtóidí agus ba bheag leisce a bhí air an t-airgead fógraíochta a bhailiú, alt nó dhó a scríobh, an leabhar a chur i dtoll a chéile agus ansin na leabhráin a dhíol sna siopaí ina dhiaidh sin. D'oibrigh sé crua agus bhíodh casán dearg déanta siar chuig Clodóirí Lurgan aige laethanta sul a bhfoilséofaí an leabhrán chun profaí a léamh agus na botúin ghradaí a cheartú..

Ba spóirtúil an duine a bhí ann. Bhí an-acmhainn ar an ngeann aige agus thaitnigh piosáí spraoi thart cionn leis. Bhí tóir aige ar na crosfhocail agus ba nós leis ar Dhomhnaigh fada Geimhridh, An 'Foclóir Beag' a tharraingt chuige féin agus tabhairt faoin gcrosfhocal sa bpáipéar 'Foinse'. Dhéanfainn féin corrúair freisin é agus chuirfinn glaoh air i ndeireadh an lae ansin chun cupla focal nach raibh agam féin a mhealladh uaidh. Níor eitigh sé riamh mé cé go ndéarfadh sé go spraoiúil go raibh an bheirt againn ag coimhlint don duais chéanna.

Uair ar bith a dtéinn ar cuairt chuige bhíodh neart seanchais aige faoi laethanta a óige agus ba aoibhinn liom bheith ag éisteacht leis. Leagfadh sé amach buidéal fuisce ar an mbord agus ansin thosaíodh sé ag caint ar na sean laethanta – nuair a bhí sé i gColáiste Chaoimhín i mBaile Átha Cliath, ina dhiaidh sin i gColáiste Éinde i nGaillimh agus ina dhiaidh sin fós i gColáiste Phádraig, i mBaile Átha Cliath áit ar h-oileadh ina mhúinteoir scoile é i 1944.

Ar ndóigh ní gá a rá go raibh a chroí is a anam i gcúrsaí peile agus iománaíochta ar feadh a shaoil, go háirithe i bpeileadóirí agus in iománaíthe na Gaillimhe. Mhairfeadh sé ag caint orthu agus leanfadh sé go



féiltiúil iad ar fud na tíre nó gur chlis a shláinte faoi dheireadh. Ba cairde leis na peileadóirí móra a bhua Craobh na hÉireann le Gaillimh i 1956 agus a d'imigh ar shlí na fírinne le bliain anuas, Jack Mahon, Seán Purcell agus Mattie McDonagh. Ba dlúth chairde leis freisin Gary agus Ritchie Fahy agus Kevin Walsh a bhua Craobh na hÉireann le Gaillimh i '98 agus 2001 mar go deimhin ba é féin a mhúin iad nuair a fuair sé post múinteora i gCill Ainín i 1975.

Ach bhí suim aige i spóirteanna eile freisin. Bhí an-chur amach aige ar éachtaí an t-sáirimreora liathróid láimhe - Pádraig Mac Donnchadha nó Peait na Máistreasa as an Droim, Leitir Mór agus chuir Séamas Comórtas Bailéad Nuachumtha ar bun ina onóir i 1984. D'éirigh thar cionn leis an gcomórtas agus cumadh 22 bailéad ar fad. Scríobh Séamas cuntas breá ar an laoch imeartha liathróid láimhe freisin de bhrí nach raibh an oiread sin cuimhne air i gConamara ag an am. De réir cosúlachta ba sna Stáit

Aontaithe ba mhó a bhain Peait na Máistreasa cáil amach leis an liathróid láimhe.

Thaitnigh an dornálaíocht freisin leis agus chuirfeadh sé síos go minic dhom ar dhornálaí mór an Spidéil, Máirtín Ó Droighneáin nó Máirtín Thornton mar ab fhearr aithne air. Dúirt Séamas go bé féin an t-aon duine ón Spidéal a bhí i láthair i Siopa Chlery i Sráid Uí Chonaill ar an 19ú Samhain 1943, nuair a mheáigh Máirtín agus Woodcock iad thein sular thugadar aghaidh ar a chéile sa Theatre Royal ní ba dheireanaí an oíche sin.

Nuair a cháiligh Séamas ina mhúinteoir scoile ba ar Churach Chill Dara a thug sé a aghaidh i dtosach. As sin chuaigh sé go Cill Rois, Co. an Chláir sular chroch se a sheolta go Co. Longfort. Chaith sé seacht mbliana fíchead i mBaile Nua an Chaisil ó 1947 go dtí 1974 agus bhí an-mheas air ann. Ba ansin a chuir sé tús le Comórtas Peile eadarchlub a sheas ó 1956 go dtí lár na seachtóidí. Is mór i gceist an


comórtas eadarchlub a reachtáileann an Cumann Lúthchleas Gael anois ach ba é Séamas a chuir tús leis an gcineál seo comórtais i lár na gcaoga daí. Thagadh foirne chuige ó Chlubanna cáiliúla ar fud na tíre agus go dtí an lá atá inniu ann labhrann imreoirí ar dhiogras, ar fhlaithiúlacht agus ar chumas riaracháin an Chualánaigh. Ní hiontas ar bith é go raibh nóiméad ciúinis ina onóir i bPáirc an Chrócaigh ar an Domhnach ar imir Maigh Eo in aghaidh Bhaile Átha Cliath le gairid.

Bhí Proinsias Ó Ceallaigh, chauffeur agus cara mór le Séamas as Baile Liam sa Spidéal ag rá liom gur thug sé Séamus suas go dtí Baile Nua an Chaisil cupla bliain ó shin agus gur cuireadh na múrtha fáilte rompu thuas ann. D'inis sé freisin dom go raibh baint ag Séamas leis an gcéad ghrúpscéim uisce sa tír thuas ansin.

Tá súil agam go bhfoilséofar na haistí agus na piosáí breátha cainte a scríobh agus a réitigh Séamas le dúthracht do irisí agus do ócáidí faoi leith. Ba mhaith liom freisin go mbuanófaí a ainm amach anseo ionas nach ligfí i ndearmad an obair a rinne sé agus an cumas a bhí ann. Nuair a bhronn Plearáca Chonamara gradam an Phlearáca ar Shéamas i 2004 chuir sé litir chugam., Tiger Woods a dó (nó a trí) a scríobh sé ar an gclúdach litreach ó tharla go n-imrínn beagán den chluiche sin a imríonn Tiger. Dúirt sé sa gcárta 'tá an chorr éisc ar charraig dhaingean láidir agam anois go ceann bliana. Go gcuire Dia an t-ádh oraibh ar fad agus go mbeirimid beo ar an am seo arís'.

Bhí sé fíor bhródúil as an gcorr éisc chéanna agus muide bródúil dá réir go raibh an gradam faighte aige. Ach d'imigh an chorr éisc tar éis bliana. D'imeodh Séamas freisin go gairid ina dhiaidh sin. Sin é an saol agus nádúr an tsaoil. Mar adeir an t-amhrán 'níl ann sa deireadh ach mar an cheo'. 'Maireann an chraobh ar an bhfál ach ní maireann an lámh a chuir'. Aireoidh muid uainn é. Go ndéana Dia grásta ar a anam uasal gaelach.

M. P. Ó Conaola.



An Leabhar Mór

I rith Féile Phlearáca na bliana seo, cloisfear go leor cainte ar An Leabhar Mór. Beidh Taispeántas An Leabhar Mór againn. Beidh seó stáitse againn *Saile* ag déanamh ceiliúradh ar an Leabhar Mór agus beidh imeachtaí litríochta agus ealaíne ar bun sna scoileanna ceangailte leis An Leabhar Mór – ach céard é féin? Cé as ar tháinig An Leabhar Mór?

I 2002, d'fhoilsigh Proiseact na nEalan in Albain *An Leabhar Mórtaoi* eagarthóireacht Malcolm Mac Lean agus Theo Dorgan. Siad lámhscríbhinní ársa na manach a bhí mar ionspioráid do *An Leabhar Móra* bhfuil Leabhar Cheannanaís na 21ú Aoise baistithe anois air. Sa saothar seo tá 100 piosa filíochta i nGaeilge agus i nGáidhlig a scríobhadh sa tréimhse ó 600A.D. go dtí 2002. Le gach piosa filíochta tá saothar físealaíne cruthaithe ag 100 ealaíontóir agus d'oibrigh foireann beag peannairí (Calligraphers) leo seo chun cuid den véarsaíocht/filíocht a ghreannadh

isteach sna saothair ealaíne. Is seod í an Leabhar Mór a bhfuil am agus allas caite léi chun ealaín scríofa agus ealaín béil na bpobail Ghaelacha in Éirinn agus in Albain a cheiliúradh. Tríd an nasc atá déanta le na físe-ealaíona, tá an fhilíocht Ghaelach seo oscailte

suas do phobal níos leithne nó do phobal uiledhomhanda. Is pribhléid dúinne i gConamara go bhfuil ard-shaothar na bhfíse-ealaíontóirí seo le teacht inár measc ar feadh seal. Ar bhealach d'fhéadfá a rá gur piosa ealaíne orgánach é *An Leabhar Mór*





mar go bhfuil an oiread sin imeachtaí agus táirgí eile tagtha uaidh - taispeántais, cláracha raidió agus teilifíse, DVD (Is Mise an Teanga), pacáiste oideachais do scoileanna agus níl deireadh fós leis.

I mbliana 2006, tá na píosaí ealaíne a cruthaíodh do *An Leabhar Mór* dá gcur ar taispeántas i bpobail éagsúla ar fud na hÉireann. Beidh an taispeántas seo i gConamara idir 30 Meán Fómhair – 7 Deireadh Fómhair faoi chúram Phléaráca. Beidh na saothair ealaíne, a bhfuil 100 píosa díobh ann, roinnte idir chúig ionad:

1. Leabharlann an Spidéil;
2. Leabharlann na Ceathrún Ruaidh;
3. Ionad Chomhar Chuigéil, Leitir Mealláin;
4. Coláiste an Phiarsaigh, Rosmuc;
5. Áras Charna.

Seoladh Taispeántas An Leabhar Mór –

**RTE RnaG Cúrsaí an Lae 29
Meán Fómhair ag 9.15r.n.**

De bhrí go bhfuil an taispeántas seo roinnte idir chúig ionad, bhí sé deacair againn a roghnú cén chaoi a seolfadh muid é. D'iarr muid cúnamh ar Raidió na Gaeltachta agus níor eitigh siad muid. Beidh Taispeántas An Leabhar Mór dá sheoladh ar Raidió na Gaeltachta ar chlár **Cúrsaí an Lae** le Neasa Ní Chualáin ar maidin Dé hAoine 29 Meán Fómhair ag 9.15. Beidh ceangal raidió dá chruthú idir na hionaid ar fad agus sé **Liam Mac an Iomaire** a dhéanfas an seoladh. Chomh maith leis sin, beidh neart ceoil, amhráin agus plé ar An Leabhar mór. Tiúnáiligi isteach!!!!

Ionaid Taispeántas An Leabhar Mór

- Ionad Chomhar Chuigéil, Leitir Mealláin;
- Áras Charna.
- Coláiste Cuimhneacháin an Phiarsaigh, Rosmuc
- Leabharlann na Ceathrún Ruaidh;
- Leabharlann an Spidéil

An Leabhar Mór sna Scoileanna

Tá an file **Colette Nic Aodha** ag déanamh tréimhse cónaitheach le trí scoil

agus an obair seo ar fad ceangailte leis An Leabhar Mór – Gairmscoil an Phiarsaigh, Rosmuc; Coláiste Cholmcille, Indreabhán agus Scoil Iognáid i nGaillimh. Tá tús curtha ag Colette lena cuid oibre ón Luan 18ú Meán Fómhair agus beidh sí ag críochnú suas seachtain na Féile. Siad **Proiseact na nEalaín** agus **Éigse Éireann** atá ag déanamh maoiniú ar na tréimhsí cónaitheacha seo.

I rith seachtain na féile, tá ealaíontóir eile **Ursula Ní Mhuirí** ag cur tús le tréimhse cónaitheach i scoileanna Cheantar na nOileán. Beidh gasúir scoile an cheantair ag obair le Ursula ag cruthú píosaí ealaíne bunaithe ar a gcuid amhráin agus filíochta féin – díreach mar atá sa Leabhar Mór.

Leanfaidh an obair seo ar aghaidh go Nollaig. **Ealaín na Gaeltachta** agus **An Clár Críochnú Scoile** atá ag maoiniú na hoibre seo.

Sáile

**Seó Beo
ag ceiliúradh
An Leabhar Mór**



**Caitlín Ní Chualáin agus
Macdara Ó Fátharta**

**Seanscoil Sailearna
Aoine/Satharn 6ú /7ú
Deireadh Fómhair**

Macdara Ó Fátharta,
Mairi Smith,
Caitlín Ní Chualáin,
Síle Denvir
Alastair Caimbeul
Sonia Ní Oibicín
Griogair Labhruidh,
Jayne McLeod,
Doiminc Mac Giolla Bhríde,
Johnny Óg Connolly
Jimmy Ó Ceannabháin
Helen Chóil Mhóir

Maoinithe ag Colmcille, An Chomhairle Ealaíon

colmcille
ÉIRINN 's ALBA

Tá urraíocht mhór déanta ag Colmcille ar
An Leabhar Mór ó foilsíodh é i 2002.

